Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026
(OR. en)

11199/26
ADD 3

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0169 (COD)**

ENER 472
ENV 857
TRANS 455
CONSOM 215
COMPET 881
COTRA 57
SIMPL 174
CODEC 1325
IA 188

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2026) 566 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis an doiciméad<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1369 agus Rialachán (AE) 2020/740 a mhéid a bhaineann le simpliú agus úsáid níos fearr a bhaint as roghanna digiteacha le haghaidh lipéadú fuinnimh agus lipéadú bonn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2026) 566 final.

---

Faoi iamh: SWD(2026) 566 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.6.2026
SWD(2026) 566 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1369 agus Rialachán (AE) 2020/740 a mhéid a bhaineann le simpliú agus úsáid níos fearr a bhaint as roghanna digiteacha le haghaidh lipéadú fuinnimh agus lipéadú bonn**

{COM(2026) 565 final} - {SEC(2026) 565 final} - {SWD(2026) 565 final}

# BILEOG ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Measúnú Tionchair ar an omnibus chun an reachtaíocht maidir le táirgí fuinneamhéifeachtúla a shimpliú**

## A. GÁ LE GNÍOMHAÍOCHT

### Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

**Fadhb 1: Oibleagáidí róchasta ar sholáthróirí agus ar mhiondíoltóirí**

Tá ceithre chúis taobh thiar den fhadhb sin: 1. Oibleagáidí carnacha ar sholáthróirí maidir le lipéid agus EPREL. 2. Easpa solúbthachta: Rialacha uilechoiteanna maidir le lipéid a sheachadadh agus a thaispeáint. Maidir le boinn, tá easpa solúbthachta sa chreat chun sonraí teicniúla áirithe a choigeartú 3. Rialacha casta trasdula ó sheanlipéid go lipéid athscálaithe 4. Níor cuireadh prionsabal 'na haonuaire' i bhfeidhm go hiomlán maidir le sonraí EPREL.

**Fadhb 2: Neamhchomhlíonadh leanúnach**

Is iomaí cúis leis an bhfadhb, lena n-áirítear tosca seachtracha. Níor tugadh aghaidh sa mheasúnú tionchair ach ar na gnéithe den neamhchomhlíonadh a fréamhaíodh i ndualgais agus coincheapa dlíthiúla doiléire.

Sa lá atá inniu ann tá na rialacha comhchuibhithe go hiomlán, agus dá bhrí sin is le leasú ar leibhéal an Aontais amháin is féidir cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a choinneáil ar bun.

### Cad é ba cheart a bhaint amach?

**Cuspóir ginearálta:** An creat um lipéadú fuinnimh agus um lipéadú bonn a shimpliú agus a fheabhsú gan dochar a dhéanamh dá phríomhchuspóir: i.e. é a chur ar a gcumas do chustaiméirí táirgí níos éifeachtúla a roghnú agus an tomhaltas fuinnimh a laghdú.

**Cuspóir sonrach 1:** Na rialacha le haghaidh soláthróirí agus miondíoltóirí a shimpliú

**Cuspóir sonrach 2**: Comhlíonadh a fheabhsú le soiléirithe.

### Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

Le simpliú ar leibhéal an Aontais, soláthrófar bonnlíne dhlíthiúil chomhsheasmhach d'údaráis forfheidhmiúcháin, laghduithe costais do ghnólachtaí a fheidhmíonn ar fud an Aontais agus cuirfear feabhas ar inúsáidteacht EPREL.

## B. RÉITIGH

### Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha beartais ab fhearr ann?

Measúnaíodh dhá rogha beartais (in aghaidh bonnlíne gan aon athrú reachtach a dhéanamh):

- **Rogha Beartais 1** (13 bheart): Simpleofar na rialacha maidir le lipéid fuinnimh; soiléireofar coincheapa dlíthiúla, prionsabal 'na haonuaire' le haghaidh EPREL; soláthrófar cumhachtú níos leithne don Choimisiún maidir le lipéadú bonn, tuarascálacha ar thástáil bonn sa chuid de EPREL a bhaineann le comhlíonadh, gan lipéid boinn a thaispeáint a thuilleadh i gcás déileálaithe feithiclí
- **Rogha Beartais 2** (15 bheart, an rogha thosaíochta): Cuimseofar gach beart de chuid Rogha 1 agus ina theannta sin leasófar go díreach iarscríbhinní an rialacháin maidir le lipéadú bonn ina dtabharfar sonraíochtaí teicniúla iomlána le haghaidh taispeáint lipéad boinn

simplithe/neadaithe agus nuashonrófar na ceanglais faisnéise le haghaidh bonn chun go mbeidh éifeacht dhlíthiúil acu láithreach.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

- Soláthróirí/monaróirí: Ag tacú le leagan digiteach amháin maidir le lipéid a sholáthar agus le nasc 'na haonuaire' maidir le EPREL- pas táirge digiteach. Tá tionscal na mbonn amhrasach faoi cheanglais an dá rogha beartais, seachas an lipéad simplithe.
- Déileálaithe (lena n-áirítear FBManna): Ag cur i gcoinne lipéid dhigiteacha amháin agus an oibleagáid maidir le lipéid a phriontáil a bheith á haistriú, ag fáiltiú roimh idirthréimhsí fadaithe chun stoic a dhíol. Imníoch faoi mhargaí ar líne vs. déileálaithe eile.
- Údaráis um Fhaireachas Margaidh: Ag tacú le bearta lena bhfeabhsófar comhlíontacht maidir le EPREL. Ag cur i gcoinne leagan digiteach amháin le haghaidh lipéad ach feictear dóibh go mbaineann fiúntas le deireadh a chur leis an lipéad clóite mar réamhshocrú.
- Eagraíochtaí tomhaltóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha: Ag áitiú go leanfar de lipéid chlóite a sholáthar agus ag fáiltiú roimh fheabhsú na comhlíontachta.

## C. TIONCHAIR NA ROGHA TOSAÍOCHTA (ROGHA BEARTAIS 2)

**Cad iad na buntáistí?**

- Coigilteas costais riaracháin do sholáthróirí: Suas le EUR 83 mhilliún in aghaidh na bliana mar thoradh ar dheireadh a chur leis an lipéad clóite mar réamhshocrú agus coigilteas aonuaire suas le EUR 66 mhilliún de bharr 'na haonuaire' i gcás EPREL; EUR 2 mhilliún in aghaidh na bliana de bharr trasdul simplithe lipéad. Déileálaithe feithiclí: EUR 40 milliún in aghaidh na bliana.
- Coigilteas do dhéileálaithe: EUR 3 mhilliún in aghaidh an timthrialla trasdula lipéid
- Coigilteas d'Údaráis um Fhaireachas Margaidh: EUR 3,7 milliún in aghaidh na bliana
- Feabhsuithe comhlíontachta
- Tairbhí do thomhaltóirí/don chomhshaol: Lipéad boinn níos fearr/inúsáidteacht EPREL. Coinneoidh custaiméirí an ceart lipéad a bheith ar taispeáint ag an díolphointe.

**Cad iad na costais?**

- Ionadaithe údaraithe: Costas aonuaire EUR 10 milliún chun cóipeanna den sainordú a uaslódáil chuig EPREL
- Soláthróirí bonn: Costas aonuaire EUR 9,6 milliún i gcás nach n-úsáidtear APInna
- Margaí ar líne: Suas le EUR 2 mhilliún in aghaidh na bliana i gcás nach n-úsáidtear APInna
- Déileálaithe: Costas breise EUR 7 milliún in aghaidh na bliana ar lipéid a phriontáil ag an díolphointe (ach is féidir é sin a iarraidh ar an soláthróir)

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Iomaíochas breise mar gheall ar chostais chomhlíontachta níos ísle do sholáthróirí agus do mhiondíoltóirí. Beidh sé de cheart ag an earnáil miondíola ina bhfuil níos mó FBManna lipéad clóite a iarraidh ar an soláthróir. Ní bheidh aon tionchar suntasach trádála/idirnáisiúnta ann toisc go mbeidh feidhm ag rialacha lipéadaithe maidir le soláthróirí ón gcoigríoch freisin (ach beidh rialacha níos soiléire ann d'ionadaithe údaraithe)

**An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

| |
|---|
| Bainfidh Údaráis um Fhaireachas Margaidh tairbhe as costais riaracháin laghdaithe. Ní bheidh gá le trasuí. Tuarascáil tagarmharcála ar thuairisciú ICSMS. |
| **An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?** |
| Tionchair gan tábhacht ar an gcomhshaol i gcomparáid leis an gcoigilteas fuinnimh/laghdú GCT a ghinfear leis an mbeartas lipéadaithe i gcoitinne. Níos lú stoc scriosta a mbeidh seanlipéid air. An clár oibre digiteach á chur chun cinn. |
| **Comhréireacht** |
| Ní sháróidh an rogha thosaíochta a bhfuil riachtanach. Cuireadh digitiú iomlán sholáthar na lipéad i leataobh. Beidh na hoibleagáidí nua spriocdhírithe agus bunófar ar fhianaise iad. |
| **D. OBAIR LEANTACH** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Athbhreithnithe agus meastóireachtaí leanúnacha a bheidh sonrach ó thaobh an táirge de. |